Raghnall Rón

Mise Raghnall Rón is tá mé brónach
Ní maith liom é sa sorcas seo níos mó
Bíonn mo shrón san aer agam i gcónaí
Is mé ag bualadh liathróidí sa seó.

Ó fágfaidh mé an sorcas seo ar maidin
Imeoidh mé go Gaillimh ar an traein
Tabharfaidh tacsaí buí mé siar abhaile
Is beidh mé i gConamara in am don tae.

Réamhéisteacht:

- **Eiseamláirí teanga a bhféadfaí a mhúineadh, sula gcloiseann na páistí an t-amhrán:**

Imeoidh mé go Gaillimh

Samplaí:

Imeoidh mé go _____

Imeoidh mé go Baile Átha Cliath.

Imeoidh mé go Londain.

Imeoidh mé go Ciarraí.

Imeoidh mé go Gaillimh ar an traein.

Samplaí:

Imeoidh mé go Baile Átha Cliath ar an traein.

Imeoidh mé go Londain ar an eitleán.

© 2004 Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin

Imeoidh mé go Ciarraí ar an rothar.

- **Ábhar an dáin a phlé:**

An raibh tú riamh ag sorcas?

Céard a chonaic tú ann?

An raibh ainmhithe sa sorcas?

Céard a bhí ar siúl acu?

An raibh siad sásta sa sorcas?

- **Pictiúir:**

Tarraing pictiúr den rud is mó a thaitin leat sa sorcas.

- **Iaréisteacht:**

Tarraing pictiúr de Raghnall Rón

Sa sorcas

Nó

Ag imeacht go Gaillmh ar an traein

Nó

Ag imeacht siar abhaile sa tacsaí buí

Nó

Sa bhaile i gConamara, in am don tae.

© 2004 Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin

Comhtháthú:

Eolaíocht: Déan taighde ar an idirlíon faoi rónta agus an saol atá acu.

© 2004 Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin